2024/3247

31.12.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/3247 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Nollaig 2024

lena n-athosclaítear an t-iascach le haghaidh ainseabhaithe i limistéar 8 i gcás soithí faoi bhratach na Spáinne, trí Rialachán (AE) 2024/2799 a aisghairm

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2024.

(2) An 2 Deireadh Fómhair 2024 thug an Spáinn fógra don Choimisiún, de bhun Airteagal 35(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, faoina cinneadh toirmeasc a chur ar iascaireacht a dhéanamh ar ainseabhaithe i limistéar 8 ón 6 Lúnasa 2024.

(3) Le Rialachán (AE) 2024/2799 ón gCoimisiún ([3]) cuirtear toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar ainseabhaithe i limistéar 8 i gcás soithí faoi bhratach na Spáinne.

(4) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún an 4 Samhain 2024 ó údaráis na Spáinne, tá cainníocht ar fáil fós don Spáinn le haghaidh chuóta an stoic sin. Dá bhrí sin, ba cheart an t-iascach le haghaidh ainseabhaithe i limistéar 8 ag soithí atá faoi bhratach na Spáinne nó atá cláraithe sa Spáinn a athoscailt go dtí go bhfógrófar a mhalairt.

(5) Ba cheart éifeacht a bheith ag athoscailt an iascaigh sin an 25 Deireadh Fómhair 2024, chun go bhféadfar iascaireacht a dhéanamh ar an gcainníocht ainseabhaithe atá i gceist roimh dheireadh na bliana atá ann faoi láthair.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/2799 a aisghairm le héifeacht ón 25 Deireadh Fómhair 2024.

(7) Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh, mar go bhfuil cuóta ar fáil fós le haghaidh an stoic sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athosclaítear an t-iascach le haghaidh ainseabhaithe i limistéar 8 le haghaidh shéasúr iascaireachta 2024 ag soithí atá faoi bhratach na Spáinne nó atá cláraithe sa Spáinn dá dtagraítear san Iarscríbhinn.

Aisghairtear Rialachán (AE) 2024/2799 ón gCoimisiún.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 (IO L, 2024/257, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/257/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2024/2799 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh ainseabhaithe i limistéar 8 i gcás soithí faoi bhratach na Spáinne (IO L, 2024/2799, 4.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2799/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 25 Deireadh Fómhair 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Costas KADIS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimh.	16/TQ257 - Athoscailt
Ballstát	An Spáinn
Stoc	ANE/08.
Speiceas	An t-ainseabhaí (*Engraulis encrasicolus*)
Limistéar	8
Dáta an iaimh	6 Lúnasa 2024
Dáta athoscailte	25 Deireadh Fómhair 2024